AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.6.2025
COM(2025) 314 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG AN gCÚIRT INIÚCHÓIRÍ

Tuarascáil bhliantúil chuig an Údarás um Urscaoileadh ar iniúchtaí inmheánacha arna ndéanamh in 2024

{SWD(2025) 159 final}

Clár

1.CUSPÓIRÍ AGUS RAON FEIDHME NA TUARASCÁLA 2

2.MISEAN NA SEIRBHÍSE UM INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH: CUNTASACHT, NEAMHSPLEÁCHAS AGUS OIBIACHTÚLACHT 2

3.FORBHREATHNÚ AR OBAIR INIÚCHÓIREACHTA 4

3.1. Cur chun feidhme phlean iniúchóireachta 2024 4

3.2. Sonraí staidrimh maidir le moltaí na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach 5

4.TORTHAÍ BUNAITHE AR AN OBAIR INIÚCHÓIREACHTA A RINNEADH IN 2024 8

4.1. Torthaí foriomlána ar iniúchtaí feidhmíochta 8

4.1.1. Próisis airgeadais 9

4.1.2. Próisis oibríochtúla 10

4.1.3. Próisis tacaíochta 10

4.2. Na conclúidí teoranta ón tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach 12

4.3. An chonclúid fhoriomlán maidir le bainistíocht airgeadais an Choimisiúin 12

5.COMHAIRLIÚCHÁN LEIS AN BPAINÉAL UM MÍRIALTACHTAÍ AIRGEADAIS DE CHUID AN CHOIMISIÚIN 13

1. Cuspóirí agus raon feidhme na tuarascála

Leis an tuarascáil seo, cuirtear Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi **iniúchtaí inmheánacha a rinne Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh in 2024 ina Ard-Stiúrthóireachtaí, ina sheirbhísí agus ina ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin** ([1]). Tá sí ina chuid den nós imeachta um urscaoileadh. Tá an méid seo a leanas sa tuarascáil: (i) achoimre ar an líon agus ar an gcineál iniúchtaí inmheánacha a rinneadh; (ii) sintéis de na príomh-mholtaí a rinneadh; agus (iii) an ghníomhaíocht a rinneadh ar bhonn na moltaí sin. I gcomhréir le hAirteagal 118(8) agus Airteagal 253 den Rialachán Airgeadais ([2]), cuireann an Coimisiún an tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Tá an tuarascáil bunaithe ar an tuarascáil a tharraing Iniúchóir Inmheánach an Choimisiúin suas, i gcomhréir le hAirteagal 118(4) den Rialachán Airgeadais, ar iniúchtaí a rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach, agus ar thuarascálacha rannpháirtíochta a cuireadh i gcrích in 2024 ([3]).

Thairis sin, mar a cheanglaítear le hAirteagal 118(5) den Rialachán Airgeadais, dírítear sa tuarascáil ar chomhlíonadh foriomlán phrionsabail na bainistíochta fónta airgeadais agus na feidhmíochta trí na torthaí foriomlána ar fheidhmíocht agus conclúid fhoriomlán ar bhainistíocht airgeadais a sholáthar (Roinn 4)([4]).

2. Misean na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach: cuntasacht, neamhspleáchas agus oibiachtúlacht

Is é misean na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach luach eagraíochtúil a fheabhsú agus a chosaint trí dhearbhú, comhairle, léargas agus fadbhreathnaitheacht atá riosca-bhunaithe agus oibiachtúil a sholáthar don Choimisiún. Chuige sin, mar chuid dá plean iniúchóireachta, déanann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an méid seo a leanas:

- déanann sí measúnú neamhspleách ar éifeachtacht na bpróiseas rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe le haghaidh oibríochtaí, gníomhaíochtaí agus idirbhearta airgeadais ('seirbhísí dearbhaithe'); agus
- cuireann sí comhairle, léargas agus fadbhreathnaitheacht ar fáil ('seirbhísí neamhdhearbhaithe').

Déantar **na seirbhísí dearbhaithe** chun an méid seo a leanas a dheimhniú nó a fhíorú:

a. go ndéanfar rioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú go hiomchuí agus go leanúnach;

b. go mbeidh faisnéis thábhachtach airgeadais, bhainistíochta agus oibriúcháin cruinn, iontaofa agus tráthúil;

c. go ndéanfar beartais, nósanna imeachta agus dlíthe agus rialacháin is infheidhme an Choimisiúin a chomhlíonadh;

([1]) Ní chumhdaítear sa tuarascáil an tSaoráid Eorpach Síochána, gníomhaireachtaí díláraithe Eorpacha, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí ná comhlachtaí féinrialaitheacha eile a ndearna an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach iniúchadh orthu, a ndéantar tuarascálacha ar leithligh orthu.

([2]) Rialachán (AE) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 (Airteagal 247).

([3]) Áirítear sa tuarascáil seo na tuarascálacha iniúchóireachta a tugadh chun críche ón 1 Feabhra 2024 go dtí an 31 Eanáir 2025, cé is moite den iniúchadh ar bhainistiú acmhainní daonna san Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil ar eisíodh an tuarascáil iniúchóireachta deiridh ina leith an 10 Márta 2025 agus áirítear í go heisceachtúil sa Tuarascáil Bhliantúil ar an Iniúchóireacht Inmheánach le haghaidh 2024.

([4]) Foilsítear achoimre ar an dearbhú a sholáthraíonn an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach i gcomhthráth leis an tuarascáil seo sa Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht ar bhuiséad an Aontais.

d. go mbainfear cuspóirí an Choimisiúin amach go héifeachtach agus go héifeachtúil; agus

e. go gcuirfear forbairt agus cothabháil próiseas rialaithe ardcháilíochta chun cinn ar fud an Choimisiúin.

Déantar **neamhspleáchas obair na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach a chumhdach sa Rialachán Airgeadais** agus ina **cairt mhisin** ([5]) arna nglacadh ag an gCoimisiún. Sonraítear sa chairt seo nach mór dá lucht bainistíochta agus dá hiniúchóirí a neamhspleáchas a chaomhnú i ndáil leis na gníomhaíochtaí agus na hoibríochtaí a ndéanann siad athbhreithniú orthu ar mhaithe le hoibiachtúlacht a áirithiú ina mbreithiúnas agus le coinbhleachtaí leasa a sheachaint. Má lagaítear a n-oibiachtúlacht, i bhfíoras nó i gcuma, ba cheart sonraí an lagaithe a nochtadh. Má mheasann an tIniúchóir Inmheánach go bhfuil gá leis, féadfaidh sí labhairt go díreach le hUachtarán an Choimisiúin agus/nó le Coláiste na gCoimisinéirí.

Déanann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach a cuid oibre i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta le haghaidh Cleachtas Gairmiúil na hIniúchóireachta Inmheánaí([6]) agus le Cód Eitice Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha.

Is é an ról atá ag an gCoiste um Athbhreithniú Iniúchtaí, a bunaíodh faoi Airteagal 123 den Rialachán Airgeadais, neamhspleáchas na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach a áirithiú, faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na hoibre iniúchóireachta inmheánaí agus a áirithiú go gcuireannnn an Choimisiúin, a ghníomhaíochtaí feidhmiúcháin agus comhlachtaí eile na moltaí san áireamh agus go leanann siad na moltaí sin. Déanann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach na nithe seo a leanas: (i) saincheisteanna nach beag a thuairisciú a eascraíonn as a hiniúchtaí agus as feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na próisis iniúchta; (ii) conclúid fhoriomlán bhliantúil a thabhairt ar staid na bainistíochta airgeadais sa Choimisiún; agus (iii) tuairisciú (gach bliain ar a laghad) ar a misean agus a feidhmíocht, mar a leagtar amach ina plean iniúchóireachta bliantúil. Áirítear sa tuairisciú sin neamhchosaintí nach beag ar riosca, saincheisteanna rialaithe, saincheisteanna rialachais chorparáidigh agus ábhair eile.

Cuidíonn an Coiste um Athbhreithniú Iniúchtaí leis an gColáiste a chuid oibleagáidí faoi na Conarthaí, faoin Rialachán Airgeadais agus faoi ionstraimí reachtúla eile a chomhlíonadh. Is tríd an méid seo a leanas a dhéanann sé é sin: (i) neamhspleáchas na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach a áirithiú; (ii) faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na hoibre iniúchóireachta inmheánaí; (iii) a áirithiú go gcuireann seirbhísí an Choimisiúin moltaí iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí san áireamh mar is ceart; agus (iv) bearta leantacha iomchuí a áirithiú maidir leis na moltaí sin. Ar an mbealach sin, cuidíonn an Coiste um Athbhreithniú Iniúchtaí leis an gCoimisiún feabhas a chur ar a éifeachtacht agus a éifeachtúlacht maidir lena spriocanna a bhaint amach. Éascaíonn sé freisin formhaoirseacht an Choláiste ar rialachas, ar bhainistíocht riosca agus ar chleachtais rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin ([7]).

Ní dhéanann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach iniúchadh ar chórais rialaithe na mBallstát ar chistí an Aontais. Maidir le hiniúchtaí den sórt sin is ar leibhéal tairbhithe aonair a dhéantar iad, agus is iad iniúchóirí inmheánacha na mBallstát, údaráis náisiúnta iniúchóireachta, Ard-Stiúrthóireachtaí eile an Choimisiúin agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a dhéanann iad. Déanann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach iniúchadh, áfach, ar bhearta a dhéanann an Coimisiún chun maoirseacht agus iniúchóireacht a dhéanamh: (i) comhlachtaí sna Ballstáit; agus (ii) comhlachtaí eile atá freagrach as cistí an Aontais a eisíoc. I gcomhréir le hAirteagal 118(2) den Rialachán Airgeadais, tá rochtain iomlán agus neamhtheoranta ag an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach ar an bhfaisnéis uile is gá chun a dualgais a chomhlíonadh, lena n-áirítear, más gá, rochtain ar an láthair freisin sna Ballstáit agus i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad.

([5]) Teachtaireacht chuig an gCoimisiún, *Mission Charter of the Internal Audit Service of the European Commission* [Cairt Mhisin na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach den Choimisiún Eorpach], C(2022)8450 final an 28 Samhain 2022.

([6]) Tháinig na Caighdeáin Dhomhanda um Iniúchóireacht Inmheánach i bhfeidhm an 9 Eanáir 2025. Tagann na Caighdeáin Dhomhanda um Iniúchóireacht Inmheánach in ionad an Chreata um Chleachtais Ghairmiúla Idirnáisiúnta 2017 de chuid Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha a bhí infheidhme in 2024.

(7) Chun na sonraí a fháil, féach *Communication to the Commission, Charter of the Audit Progress Committee of the European Commission* [an Teachtaireacht chuig an gCoimisiún, Cairt an Choiste um Athbhreithniú Iniúchtaí de chuid an Choimisiúin Eorpaigh], C(2020) 1165 final an 27 Feabhra 2020.

3. Forbhreathnú ar obair iniúchóireachta

3.1. Cur chun feidhme phlean iniúchóireachta 2024

Chuir an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach plean iniúchóireachta 2024 chun feidhme i gcomhthéacs brú méadaitheach ar acmhainní i gcuid d'Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin agus dúshláin níos leithne a bhaineann le cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus géarchéimeanna geopholaitiúla eile atá ag teacht chun cinn. Faoin scoithdháta an 31 Eanáir 2025, bhí **26 ghníomhaíocht** (iniúchtaí, athbhreithnithe teoranta agus eile) **curtha i gcrích**([8]) ag an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach in Ard-Stiúrthóireachtaí agus seirbhísí an Choimisiúin ([9]). Ráta críochnaithe 93 % de phlean iniúchóireachta nuashonraithe 2024 atá i gceist leis sin. Thairis sin, tugadh tuarascáil iniúchóireachta amháin chun críche i mí an Mhárta 2025 agus áirítear í go heisceachtúil sa tuarascáil bhliantúil ar an iniúchóireacht inmheánach le haghaidh 2024([10]).

I gcomhréir lena cairt agus le caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta, déanann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach a cuid oibre iniúchóireachta a phleanáil ar bhonn measúnaithe riosca agus anailís ar acmhainneacht. Is é an aidhm atá ann plean iniúchóireachta a tharraingt suas lena gcumhdaítear na réimsí is mó riosca, agus ar an gcaoi sin a bhreisluach a uasmhéadú, agus cuidíonn sé lena áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr as acmhainní agus go gcuirfear an plean iniúchóireachta chun feidhme go héifeachtúil agus go héifeachtach. Déanann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach faireachán go tráthrialta ar chur chun feidhme an phlean iniúchóireachta agus déanann sí é a choigeartú de réir mar is gá.

Rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach **obair leantach ar 56 ghníomhaíocht iniúchóireachta roimhe sin** chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí agus d'eisigh sí 75([11]) nóta leantach chuig na hArd-Stiúrthóireachtaí agus seirbhísí ábhartha. Mar thoradh air sin, dúnadh 21 ghníomhaíocht ([12]). Tháinig an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach ar an gconclúid gur cuireadh na moltaí uile chun feidhme go héifeachtach, agus go raibh 35 cinn fós ar oscailt agus á gcur chun feidhme go leanúnach faoin scoithdháta.

Taispeántar sna cairteacha thíos an **líon foriomlán agus an miondealú de réir cineálacha gníomhaíochta** a cuireadh i gcrích faoin scoithdháta an 31 Eanáir 2025.

(8) Maidir leis an iniúchadh ileintiteas ar straitéisí frithchalaoise a bhaineann le gníomhaíocht sheachtrach, meastar é a bheith tugtha chun críche cé nár eisíodh an tuarascáil iniúchóireachta deiridh faoin scoithdháta an 31 Eanáir 2025 i gcás ceann de na ceithre Sheirbhís de chuid an Choimisiúin a áirítear i raon feidhme an iniúchta (Ard-Stiúrthóireacht um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta). Tá coinne leis go n-áireofar an tuarascáil sin sa Tuarascáil Bhliantúil ar an Iniúchóireacht Inmheánach le haghaidh 2025.


([9]) Cumhdaítear le cruinne iniúchóireachta Sheirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin 50 eintiteas (ranna) eagraíochtúil san iomlán. I gcás roinnt de na heintitis sin, in 2024 eisíodh níos mó ná tuarascáil amháin iniúchóireachta deiridh nó tuarascáil athbhreithnithe chríochnaitheach. Féach an Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo le haghaidh forbhreathnú mionsonraithe ar na heintitis ar eisíodh tuarascálacha iniúchóireachta agus athbhreithnithe deiridh ina leith.

([10]) Iniúchóireacht ar bhainistiú acmhainní daonna san Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil ar eisíodh an dréacht-tuarascáil ina leith an 19 Nollaig 2024 agus ar eisíodh an tuarascáil iniúchóireachta deiridh ina leith an 10 Márta 2025.

([11]) Rinneadh obair leantach ar roinnt gníomhaíochtaí iniúchóireachta níos mó ná uair amháin agus cumhdaíodh níos mó ná aon ghníomhaíocht iniúchóireachta amháin i roinnt nótaí leantacha.

([12]) Áirítear liosta na n-iniúchtaí a dúnadh tar éis obair leantach i Roinn 2.2 den Doiciméad Inmheánach Oibre.

Gníomhaíochtaí de réir cineáil



Foinse: an Coimisiún Eorpach

In 2024, d'eisigh an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach **43 thuarascáil** (tuarascálacha iniúchóireachta deiridh agus nótaí léargais). Tá an **líon tuarascálacha** níos airde ná an líon gníomhaíochtaí mar, i gcás roinnt gníomhaíochtaí ina bhfuil iniúchaithe iomadúla([13]), cuireann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach roinnt tuarascálacha ar fáil do na hiniúchóirí éagsúla faoi raon feidhme an iniúchta. In 2024, rinne sé seacht n-iniúchadh il-Ard-Stiúrthóireachta nó il-eintitis (agus d'eisigh sé 21 thuarascáil deiridh a bhaineann leis na hiniúchtaí sin).

3.2. Sonraí staidrimh maidir le moltaí na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach


MOLTAÍ ARNA N-EISIÚINT IN 2024 ([14])

D'eisigh an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach **176 mholadh** a d'eascair óna hobair iniúchóireachta in 2024. Mar a léirítear thíos, is mar mholtaí tábhachtacha a aicmíodh 58 % de na moltaí sin agus mar mholtaí an-tábhachtach a aicmíodh 42 % díobh, agus ní raibh aon mholadh criticiúil ann. Maidir le gach moladh ar glacadh leis (i bpáirt), dhréachtaigh na hiniúchaithe pleananna gníomhaíochta.

([13]) Tagraíonn sé sin d'iniúchtaí a bhaineann le roinnt Ard-Stiúrthóireachtaí agus/nó seirbhísí éagsúla de chuid an Choimisiúin (iniúchtaí il-Ard-Stiúrthóireachtaí) nó iniúchtaí a dhéantar i ranna an Choimisiúin agus sna gníomhaireachtaí dílároithe nó i gcomhlachtaí uathrialacha eile (iniúchtaí il-eintiteas).

([14]) Lena n-áirítear ceithre mholadh (moladh an-tábhachtach amháin agus trí mholadh thábhachtacha) ón iniúchadh ar bhainistiú Acmhainní Daonna san Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil, a tugadh chun críche an 10 Márta 2025. Níor cuireadh an t-iniúchadh seo ná a mholtaí san áireamh, áfach, i dTuarascáil Forbhreathnaithe deiridh 2024 a seoladh chuig an gCoiste um Athbhreithniú Iniúchtaí.

Moltaí de réir rátála



Foinse: An Coimisiún Eorpach, an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach

In 2024, ghlac na hiniúchaithe le **174 mholadh** agus ghlac siad le dhá mholadh i bpáirt. Maidir le gach moladh ar glacadh leis (i bpáirt), dhréachtaigh na hiniúchaithe pleananna gníomhaíochta. Cuireadh iad sin faoi bhráid na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach, a mheas ansin go raibh siad sásúil nó a d'iarr plean gníomhaíochta athbhreithnithe.

MOLTAÍ A EISÍODH IDIR 2020 AGUS 2024 ([15])


Chuir an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach forbhreathnú cuimsitheach ar fáil ar an obair leantach ar mholtaí a bhí thar téarma níos faide ná 6 mhí. Cuireadh an forbhreathnú sin faoi bhráid an Choiste um Athbhreithniú Iniúchtaí.

Mar a léirítear thíos, ar scoithdháta an 31 Eanáir 2025, as 831 mholadh san iomlán ar glacadh leo (i bpáirt) ([16]) a rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach in 2020-2024, mheas na hiniúchaithe gur cuireadh chun

([15]) Cé is moite de cheithre mholadh a eisíodh tar éis scoithdháta an 31 Eanáir 2025, mar a mhínítear san fhonóta roimhe seo.

([16]) As 831 moladh a eisíodh in 2020-2024, glacadh le 823 mholadh go hiomlán, glacadh le dhá cheann i bpáirt agus diúltaíodh do cheithre cinn.

feidhme 544 (65 %) díobh ([17]) . Fágann sin go bhfuil iomlán de 287 mholadh (35 %) oscailte fós.




Foinse: An Coimisiún Eorpach, an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach

As na 287 moladh a bhí fós ar oscailt ar an scoithdháta, níor rátáladh aon cheann díobh mar chriticiúil, rátáladh 99 díobh (34 %) mar an-tábhachtach, agus rátáladh 188 díobh (66 %) mar thábhachtach.

As na moltaí oscailte, bhí **71 acu thar téarma** (nár cuireadh chun feidhme faoin dáta a comhaontaíodh ar dtús). Cuimsíonn na moltaí thar téarma sin 8.5 % de na moltaí ar glacadh leo (i bpáirt). As na moltaí thar téarma, tá sé mholadh an-tábhachtach a aicmítear mar mholtaí i bhfad thar téarma (i.e. moladh atá fós oscailte níos mó ná 6 mhí tar éis an dáta cur chun feidhme bunaidh). Tá sé sin níos airde ná na trí mholadh sa bhliain roimhe sin, ach is fianaise é fós ar bheartas dian um bearta leantacha de chuid na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach maidir le measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme a moltaí. Cuimsíonn na moltaí an-tábhachtach sin atá i bhfad thar téarma 0.7 % den mhéid iomlán moltaí ar glacadh leo (i bpáirt) sa tréimhse 2020-2024 (i gcomparáid le 0.4 % sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin). Níl aon mholadh an-tábhachtach atá i bhfad thar téarma a eisíodh roimh 2020.

([17]) Taispeántar rátáil na moltaí ar an scoithdháta ar an gcairt. D'fhéadfadh sé seo a bheith difriúil leis an rátáil sa tuarascáil iniúchóireachta bhunaidh mar, in iniúchadh leantach, féadfaidh an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach a mheas gur mhaolaigh na gníomhaíochtaí a rinne an t-iniúchaí i bpáirt na rioscaí a sainaithníodh i dtosach agus d'fhéadfadh siad rátáil an mholta a íosghrádú dá bhrí sin.



Foinse: An Coimisiún Eorpach, an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach

Tríd is tríd, measann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach go bhfuil cur chun feidhme a cuid moltaí sásúil agus inchomparáide le cur chun feidhme na moltaí a tugadh i dtréimhsí tuairiscithe roimhe. Léirítear le staid na himeartha go bhfuil seirbhísí an Choimisiúin díograiseach maidir leis na moltaí criticiúla agus an-tábhachtach a chur chun feidhme, sa chaoi go maolaítear na rioscaí arna gcur i dtábhacht ag an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach.

Déantar i gCuid 3 den Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo achoimre ar na moltaí an-tábhachtach sin atá i bhfad thar téarma.

4. Torthaí bunaithe ar an obair iniúchóireachta a rinneadh in 2024

4.1. Torthaí foriomlána ar iniúchtaí feidhmíochta

Chun tacú le cultúr feidhmíochtbhunaithe an Choimisiúin agus leis an mbéim ar luach ar airgead, thug an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach 23 ghníomhaíocht a bhí dírithe ar fheidhmíocht chun críche. I gcás tuairim is 80 % de na gníomhaíochtaí sin, shainaithin an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach ardrioscaí iarmharacha sna réimsí nó sna próisis a ndearnadh iniúchadh orthu agus bhí sin ina chúis le moltaí an-tábhachtach. Tugadh láidreachtaí agus dea-chleachtais éagsúla faoi deara freisin (chun tuilleadh sonraí a fháil féach Roinn 1 den Doiciméad Inmheánach Oibre).

I gcomhréir lena modheolaíocht agus lena dea-chleachtais, déanann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach iniúchadh ar fheidhmíocht ar bhealach indíreach. Déanann sí measúnú ar fheidhmíocht ranna an Choimisiúin maidir le beartais, cláir agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme faoi threoir na rioscaí a bhaineann leo. Leis an gcur chuige sin, tá sé d'aidhm aici a áirithiú go bhfuil creataí feidhmíochta láidre, uirlisí tomhais feidhmíochta leordhóthanacha, agus córais faireacháin chuimsitheacha forbartha ag Ard-Stiúrthóireachtaí agus ag seirbhísí.

Cuirtear i láthair sna ranna thíos conclúidí na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach maidir leis na gnéithe feidhmíochta éagsúla a ndearnadh measúnú orthu ina hiniúchtaí 2024 ([18]).

4.1.1. Próisis airgeadais

Ba éard a bhí i bhformhór iniúchtaí na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach athdhearbhú a thabhairt don Choláiste, agus do na hArd-Stiúrthóireachtaí agus seirbhísí chomh maith, maidir le cur chun feidhme éifeachtúil agus éifeachtach na rialuithe inmheánacha a mhéid a bhaineann le bainistíocht airgeadais (féach freisin an chonclúid fhoriomlán ar bhainistíocht airgeadais i Roinn 4.3).

I gceithre iniúchadh, níor léiríodh laigí criticiúla ná laigí an-tábhachtach sna córais rialaithe, is iad sin: (1) an t-iniúchadh ar straitéisí frithchalaoise a bhaineann le gníomhaíochtaí seachtracha; (2) an t-iniúchadh ar chéim IV de bhainistíocht deontais i ndáil le Fís 2020 i nGníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde; (3) an t-iniúchadh ar fheidhmíocht bhainistíocht na saineolaithe le haghaidh meastóireacht tograí sa Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Oideachas agus Cultúr; agus (4) an t-iniúchadh ar sholáthar in Ard-Stiúrthóireacht na hAteangaireachta.

Léiríodh **sna naoi n-iniúchadh eile go bhfuil gá le feabhsuithe** agus mar thoradh orthu sin eisíodh roinnt moltaí an-tábhachtach ([19]) .

Bhí dul chun cinn déanta ag **Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe** maidir lena hullmhacht chun an tsamhail tógála dearbhaithe a dhearadh faoi phleananna straitéiseacha nua an Chomhbheartais Talmhaíochta. Mar sin féin, bhí roinnt gnéithe fós ann ba ghá a fhorbairt chun a áirithiú go mbeadh an creat rialaithe a chuirfí i bhfeidhm láidir go leor chun dearbhú a thabhairt go ndéanfaí caiteachas an Chomhbheartais Talmhaíochta faoin tsamhail seachadta nua a chur chun feidhme i gcomhréir le creat dlíthiúil an Chomhbheartais Talmhaíochta.

Tá próisis forbartha dearbhaithe leordhóthanacha ceaptha ag **Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh, ag an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú agus ag Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta** le chéile le haghaidh na gcistí a chuirtear faoi bhainistíocht chomhroinnte chun na príomhrioscaí a mhaolú agus chun aghaidh a thabhairt ar na príomhghnéithe nua a tugadh isteach le reachtaíocht chlárthréimhse 2021-2027. Mar sin féin, beidh gá le straitéis iniúchóireachta aonair na nArd-Stiúrthóireachtaí a thabhairt cothrom le dáta toisc nach raibh gnéithe áirithe soiléir go leor nó toisc nach raibh siad forbartha go leordhóthanach ag an gcéim seo den chlárthréimhse. Cuireann Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh chun feidhme freisin faoi bhainistíocht chomhroinnte agus indíreach. Tá próisis rialaithe curtha i bhfeidhm ag an roinn chun an Ciste a bhainistiú ach tá gá le tuilleadh feabhais maidir lena dhearadh agus lena bhainistiú éifeachtach.

Rinne **an Ard-Stiúrthóireacht** um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais próisis rialachais a dhearadh go leormhaith agus a chur chun feidhme go héifeachtúil agus go héifeachtach le haghaidh chéim ullmhúcháin na n-oibríochtaí Cúnaimh Macrairgeadais. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh feabhais maidir le dearadh na bpróiseas bainistithe riosca agus rialaithe agus lena gcur chun feidhme éifeachtúil agus éifeachtach agus maidir le faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a mharcáil agus a chosaint.

Maidir le **bainistíocht indíreach**, san iniúchadh ar rialuithe ar bhainistiú airgeadais mhisin shibhialtacha an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta, arna chur chun feidhme ag an tSeirbhís um Ionstraimí Beartais Eachtraigh, fuarthas amach go bhfuil creat rialaithe deartha agus curtha chun feidhme ag an tSeirbhís atá saincheaptha do shainiúlachtaí na misean, ach mar sin féin go bhfuil gá le tuilleadh feabhais maidir lena dhearadh a dhéanfaidh difear dá chur chun feidhme éifeachtach.

([18]) San iomlán, rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach 23 ghníomhaíocht iniúchóireachta lenar bhain fócas feidhmíochta (20 iniúchadh feidhmíochta agus cuimsitheach) nó gealltanais lenar bhain roinnt gnéithe feidhmíochta (dhá iniúchadh TF agus aon athbhreithniú teoranta TF). Chun tuilleadh sonraí a fháil féach an Doiciméad Inmheánach Oibre.

([19]) 19 moladh as 74 mholadh an-tábhachtach san iomlán a eisíodh in 2024 (26 %).

Cé go bhfuil córas rialaithe curtha i bhfeidhm ag **Ard-Stiúrthóireacht na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta** lena gcuimsítear treoraíocht, teimpléid, seicliostaí agus oiliúint chun tacú le cur chun feidhme na bpróiseas dámhachtana deontas agus soláthair faoi bhainistíocht indíreach le tíortha comhpháirtíochta, agus le feidhmiú na rialuithe *ex ante* gaolmhara ag Toscaireachtaí an Aontais, ní mór a ndearadh a fheabhsú a thuilleadh chun comhlíonadh na rialacha agus a gcur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú.

Cé go bhfuil infheistíoctaí ollmhóra déanta ag an **Ard-Stiúrthóireacht um Thaighde agus Nuálaíocht** chun straitéis rialaithe Fís Eorpach atá leordhóthanach agus nuálach a dhearadh chun cur chun feidhme dlíthiúil agus rialta a áirithiú, chomh maith le bainistíocht fhónta airgeadais an chláir, tá gá le tuilleadh feabhais ar phríomhchodanna den straitéis rialaithe chun an cuspóir fadtéarmach a bhaint amach go hiomlán maidir le leibhéal earráide a bheith faoi bhun na tairsí ábharthachta 2 % le haghaidh Fís Eorpach.

Tá an **Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol** ar cheann de chúig ghníomhaíocht feidhmiúcháin a chuireann Fís Eorpach chun feidhme. Cé go bhfuil rialuithe leordhóthanacha ceaptha agus curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht le haghaidh phróisis bainistithe deontas Fhís Eorpach, is gá tuilleadh feabhais a chur ar bhainistiú coinbhleachtaí leasa agus ar na próisis mheastóireachta a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'éifeachtacht agus d'éifeachtúlacht an chur chun feidhme.

Ar deireadh, fuarthas san **iniúchadh ar fhorbairt dearbhaithe** le haghaidh caiteachas faoi bhainistíocht dhíreach in Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta, cé go bhfuil a próisis forbartha dearbhaithe deartha agus curtha chun feidhme go leordhóthanach ag an roinn a mhéid a bhaineann le caiteachas faoi bhainistíocht dhíreach, go bhfuil gá le tuilleadh feabhais a chur ar dhearadh agus ar chur chun feidhme airgeadais na gcomhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe.

4.1.2. Próisis oibríochtúla

Rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach **trí iniúchadh inar díríodh ar chláir nó ar ionstraimí sonracha**. Bhí torthaí dearfacha ar an iniúchadh ar **Chlár an Mhargaidh Aonair,** agus níor sainaithníodh aon laige criticiúil nó an-tábhachtach.

Mar thoradh ar an iniúchadh ar **chur chun feidhme chóras trádála astaíochtaí an Aontais agus ar an bhfaireachán** agus ar an **iniúchadh** ar an gclár **nua um dhíchoimisiúnú núicléach** agus um bhainsitiú dramhaíola san Airmheán Comhpháirteach Taighde, rinneadh 10 moladh chriticiúla agus ceithre mholadh an-tábhachtach faoi seach. San iniúchadh ar chóras trádála astaíochtaí an Aontais, tá na próisis chun ceantanna chóras trádála astaíochtaí an Aontais a bhainistiú ag feidhmiú go maith, ach is gá tuilleadh feabhais a chur ar dhearadh agus ar chur chun feidhme éifeachtach phróisis eile na hArd-Stiúrthóireachta um Ghníomhú ar son na hAeráide chun córas trádála astaíochtaí an Aontais a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh air. Maidir leis an gclár um dhíchoimisiúnú núicléach agus bainistiú dramhaíola, tá gá le tuilleadh feabhais a chur ar na córais rialachais, bhainistíochta agus rialaithe chun cur chun feidhme inbhuanaithe, éifeachtúil agus éifeachtach an chláir a áirithiú ar fud shuíomhanna núicléacha uile an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde.

4.1.3. Próisis tacaíochta

Bainistíocht acmhainní daonna

Táthar ag iarraidh ar an gCoimisiún níos mó a dhéanamh cé nach bhfuil sé in ann méid a lucht saothair fhoriomláin a mhéadú, ós rud é go bhfuil sé faoi réir foireann chobhsaí. Dá bhrí sin, tá níos mó agus níos mó de ranna an Choimisiúin nach bhfaigheann na baill foirne breise a iarrann siad, rud a fhágann go bhfuil brú mór ar acmhainní atá tuairiscithe ag an gCoimisiún mar riosca criticiúil trasearnálach. Sa chomhthéacs sin, rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach trí iniúchadh chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla de bhainistiú acmhainní daonna sa Choimisiún.

Thángthas ar an gconclúid san iniúchadh ar an measúnú ar riachtanais acmhainní daonna sa Choimisiún ar an leibhéal corparáideach go bhfuil dul chun cinn déanta maidir leis na próisis atá ann cheana chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais acmhainní daonna sna comhthéacsanna reachtacha agus buiséadacha ach go bhfuil gá le feabhsuithe tábhachtacha ina leith. Sainaithníodh dhá phríomh-shaincheist maidir leis an méid seo a leanas: (1) an tacaíocht ó na seirbhísí lárnacha chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais acmhainní daonna

ar leibhéal na roinne áitiúla; agus (2) na seiceálacha cáilíochta a dhéanann na seirbhísí lárnacha ar riachtanais acmhainní daonna. Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin chun a áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr as acmhainní teoranta an Choimisiúin agus chun freastal ar a phríomhthosaíochtaí agus ar a phríomhoibleagáidí.

San iniúchadh il-eintitis ar leithdháileadh acmhainní daonna i dToscaireachtaí an Aontais, thángthas ar an gconclúid go raibh na rialacha á gcomhlíonadh ag próiseas an Choimisiúin chun acmhainní daonna a leithdháileadh i dToscaireachtaí an Aontais, ach go bhfuil gá le feabhas a chur ar a dhearadh agus ar a chur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil chun an cuspóir a bhaint amach maidir le léargas domhanda a thabhairt ar ualach oibre Thoscaireacht an Aontais.

Ar leibhéal roinne aonair, thángthas ar an gconclúid in iniúchadh ar bhainistiú acmhainní daonna san Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil, cé go bhfuil córas inmheánach leordhóthanach curtha i bhfeidhm ag an roinn chun a hacmhainní daonna a bhainistiú, go bhfuil gá le tuilleadh feabhais maidir le dearadh chreat straitéiseach na roinne maidir le hacmhainní daonna a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá chur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil.

Bainistiú TF

Fuarthas san iniúchadh il-Ard-Stiúrthóireachtaí ar bhainistiú riosca slándála TF lena gcumhdaítear an leibhéal corparáideach agus an leibhéal áitiúil araon, cé gur dhear an Coimisiún creat agus próisis leordhóthanacha bainistíochta riosca slándála TF, i gcomhréir le creat slándála TF an Choimisiúin, gur gá tuilleadh feabhais a chur ar chur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil na bpróiseas sna réimsí seo a leanas: (1) an mhodheolaíocht bainistíochta riosca slándála TF agus uirlisí gaolmhara; (2) na critéir maidir le glacadh le riosca; (3) faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí an mheasúnaithe riosca; agus (4) iomláine agus cruinneas na faisnéise slándála TF. Sainaithníodh réimsí le haghaidh feabhais ar leibhéal an Choimisiúin agus ar an leibhéal dílároithe araon.

In athbhreithniú teoranta ar SUMMA ([20]), agus ullmhúchán á dhéanamh don chur i bhfeidhm, díríodh ar na rialuithe a chuir Ard-Stiúrthóireacht um an mBuiséad i bhfeidhm chun na príomhrioscaí maidir le haistriú chóras lárnach cuntasaíochta, buiséid agus cisteáin an Choimisiúin a mhaolú. Bhí réimsí an-tábhachtach le haghaidh tuilleadh feabhais fós ann tráth an athbhreithnithe theoranta. Ina theannta sin, sainaithníodh réimsí breise le haghaidh feabhais, réimsí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar úsáid éifeachtúil agus éifeachtach an chórais ina dhiaidh sin sa chleachtas.

Próisis tacaíochta eile

Thángthas ar an gconclúid san iniúchadh ar an gcreat maoinithe TF go bhfuil iarrachtaí déanta ag Ard-Stiúrthóireacht na Seirbhísí Digiteacha creat rialaithe leordhóthanach a dhearadh agus a chur chun feidhme chun na seirbhísí bunlíne TF agus na próisis aisíocaíochta a bhainistiú. Mar sin féin, in ainneoin go bhfuil roinnt gnéithe dearfacha ag baint leis an gcreat maoinithe TF atá ann faoi láthair, is gá tuilleadh feabhais a chur ar a dhearadh maidir le coincheap na seirbhísí bonnlíne TF agus leordhóthanacht an chreata maoinithe TF atá ann faoi láthair chun seirbhísí TF corparáideacha inbhuanaithe a sholáthar amach anseo.

Tháinig iniúchadh na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach ar chosaint sonraí pearsanta san Oifig Máistrí Pá ar an gconclúid nach bhfuil an córas rialaithe a chuir an Oifig i bhfeidhm le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó a láimhseálann sonraí pearsanta deartha go leordhóthanach agus curtha chun feidhme go héifeachtach chun comhlíonadh an bhunúis dlí ábhartha a áirithiú. Cé go dtugann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach dá haire na céimeanna tábhachtacha a ghlac an Oifig in 2024 (tar éis dheireadh na hoibre iniúchóireachta allamuigh) chun aghaidh a thabhairt ar phríomheasnaimh, ní mór dul chun cinn nach beag a dhéanamh fós maidir le (1) cuntasacht, róil agus freagrachtaí; (2) socruithe i gcás comhphróiseála, aistrithe idirnáisiúnta sonraí pearsanta agus comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse, (3) comhlíonadh prionsabal cosanta sonraí agus (4) rialuithe TF chun sláine, rúndacht agus infhaighteacht sonraí pearsanta a áirithiú.

([20]) Uirlis le haghaidh cuntasaíocht ar bhonn fabhraithe agus cuntasaíocht bhuiséadach.

4.2. Na conclúidí teoranta ón tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach

I mí Feabhra 2025 d'eisigh an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach conclúidí teoranta chuig gach Ard-Stiúrthóireacht agus seirbhís de chuid an Choimisiúin maidir le staid an rialaithe inmheánaigh([21]). Leis na conclúidí teoranta sin cuireadh leis na tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí 2024 ó na hArd-Stiúrthóireachtaí agus na seirbhísí lena mbaineann. Ag tarraingt ar an obair iniúchóireachta a rinneadh le 5 bliana anuas, cumhdaítear leo na moltaí oscailte uile a eisíodh. Tá conclúid na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach maidir le stádas na gcóras rialaithe inmheánaigh teoranta do na córais bhainistíochta agus rialaithe a ndearnadh iniúchadh orthu. Ní chumhdaítear leis an gconclúid sin na córais nach ndearna an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach iniúchadh orthu le 5 bliana anuas.

4.3. An chonclúid fhoriomlán maidir le bainistíocht airgeadais an Choimisiúin

Mar a cheanglaítear ina cairt mhisin, eisíonn an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach conclúid fhoriomlán gach bliain maidir leis an mbainistíocht airgeadais a dhéanann an Coimisiún. Bunaítear í sin ar an obair iniúchóireachta a rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach i réimse na bainistíochta airgeadais sa Choimisiún le 3 bliana anuas (2022 go 2024). Cuirtear faisnéis ó fhoinsí eile san áireamh inti freisin, go háirithe na tuarascálacha ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Eisítear an chonclúid fhoriomlán comhuaineach leis na tuarascálacha sin agus cumhdaítear an bhliain chéanna inti.

Bunaithe ar an bhfaisnéis iniúchóireachta sin, mheas an t-iniúchóir inmheánach gur chuir an Coimisiún, in 2024, nósanna imeachta rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm atá leordhóthanach, ina n-iomláine, chun dearbhú réasúnach a thabhairt maidir le baint amach a chuspóirí airgeadais, cé is moite de na réimsí bainistíochta airgeadais sin a bhfuil imní curtha in iúl ag oifigigh údarúcháin trí tharmligean ina leith ina ndearbhú dearbhaithe.

Gan an chonclúid fhoriomlán le haghaidh 2024 a cháiliú a thuilleadh, tharraing an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach aird an Choimisiúin ar an ngá atá le freagairt do na rioscaí arda, trasearnála atá ann don insitiúid agus do bhuiséad an Aontais trí thógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh óna hacmhainní airgeadais a bhainistiú i gcomhthéacs dúshlánach.

Tá sé sin nasctha go háirithe le castacht na sásraí cistiúcháin (nuálacha) agus leis na dúshláin ghaolmhara a bhaineann lena gcur chun feidhme. Dá bhrí sin, ós rud é go bhfuil an Coimisiún freagrach sa deireadh as dlíthiúlacht agus rialtacht caiteachais agus bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú, beidh air leanúint de ghníomhaíochtaí a dhéanamh chun na hardrioscaí nua a sainaithníodh a mhaolú.

Ós rud é go bhfuil an Coimisiún ag tabhairt faoi athmhúnlú uaillmhianach ar bhuiséad an Aontais, arb é is aidhm dó é a dhéanamh níos simplí, níos dírithe agus níos mó tionchair a bheith aige, **ní mór an creat rialachais, rialaithe agus dearbhaithe traidisiúnta a oiriúnú** chun go leanfaidh sé de bheith ábhartha do chistiú nuálach casta agus do shamhlacha seachadta nua, lena n-áirítear cineálacha cur chuige feidhmíochtbhunaithe.

Chun go leanfaidh sé de bheith éifeachtach, ní mór don chreat dearbhaithe agus rialaithe sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile a bheith **i gcomhréir** leis na rioscaí gaolmhara. Ba cheart leibhéal agus déine na rialuithe a choigeartú de réir shamhail seachadta na hionstraime/na n-ionstraimí a bheidh ann amach anseo, chun dúbláil rialuithe agus iniúchtaí a sheachaint, agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú.

Ba cheart an straitéis dearbhaithe agus rialaithe a **leabú ón tús,** a fhorbairt i gcomhthráth le ceapadh beartais agus pleanáil cur chun feidhme, agus ar an gcaoi sin seachadadh éifeachtach agus éifeachtúil clár a áirithiú, chomh maith le tacú le cuspóirí níos leithne maidir le bainistíocht airgeadais agus rialachas.

([21]) Ní dhearnadh aon iniúchadh sa tseirbhís chomhairleach Inspioráid, Díospóireacht, Rannpháirtíocht agus Beart Luathaithe sa tréimhse 2020-2024, toisc nár sainaithníodh rioscaí arda, agus dá bhrí sin níor soláthraíodh aon chonclúid theoranta.

Tá sé ríthábhachtach **an leibhéal iomchuí rialuithe a choinneáil** ar feadh shaolré an chláir, go háirithe má chruthaítear brú mar gheall ar chur chun feidhme déanach cistí. Chun cur chun feidhme leanúnach agus iontaofa na straitéisí nua rialaithe agus dearbhaithe a áirithiú, ba cheart na hacmhainní daonna is gá a shainiú agus a leithdháileadh ón tús go dtí an dúnadh, ó thaobh acmhainneachta agus scileanna de araon.

5. Comhairliúchán leis an bpainéal um mírialtachtaí airgeadais de chuid an Choimisiúin

Níor thuairiscigh an painéal a cuireadh ar bun faoi Airteagal 145 den Rialachán Airgeadais, aon fhadhbanna sistéamacha in 2024, i gcás ina dtugann sé an tuairim dá dtagraítear in Airteagal 93 den Rialachán Airgeadais.